
# Nuacht Feirste

Sinn Féin

Uimhir 26 Iúil 25ú Táille 10p



An falla 'slándála' nua i Sráid Manor (intlis) Martin Duffy a dunmharaigh an Protestant Action Force

## Cuimhne Mhic Ghoill as riocht

**NI BHEIDH failte roimh iondaithe Shinn Féin ag scoil samhraidh Phadraig Mhic Ghoill a eagraitear gach bliain sna Gleanntai, Contae Dhun na nGall in onoir an scribhneoir cluitigh.**

Tá baint mhór ag duine de lucht ceannasaíochta RTE, Joe Mulholland, a bhfuil sé amuigh air go bhfuil sé báiúl le Páirtí Na nOibrithe, leis an scoil samhraidh.

Cé nach bhfuil cuireadh ar Shinn Féin a labhrann ar son daichead fan chéad de náisiúntóirí na sé chontae tá cuireadh ar ionadaithe rialtas na Breataine. I dtaca le holc is é *'cad é tá i ndán de thuaisceart Éireann'* téama na scoile.

Ina chuid scríbhínní cháin Pádraig Mac Goill críosóirí cogaidh na Breataine go tréan. Labhair sé amach fosta, ina chuid leabhar cosúil le *Children of the dead End* agus *The rat pit,* in éadan an eisimirce. Mar sin féin ag an scoil beidh úrlabhraithe rialtas Bhaile Átha Cliath atá freagrach as eisimirce atá cóir a bheith chomh hard leis an eisimirce a d'fhulaing Mac Goill.

Ag glacadh páirte fosta beidh lucht leanúna na naontachtach — Conor Cruise O'Brien ina measc — agus an t-iar major sa UDR Ken Maginnis.

Fuair Padraig Mac Goill bás i 1941 agus bhí dearmad déanta ar a shaothar go dtí tús na 1980í.

## Eagarfhocal

# Feachtas seicteach

**MAR THORADH díreach ar óráidí scafaireacha agus ar bhagairtí biogóideacha na bpolaiteoir aontachtach scaoileadh beirt chaitliceach marbh i dTuaisceart Bhéal Feirste an tseachtain seo, agus goineadh duine eile.**

Cé go nglactar leis nach raibh an bheirt íobhartach bainte ar chor ar bith le cúrsaí poblachtánacha, leoga bhí fear acu ina bhall den Militant Tendency, dhiúltaigh an DUP scon scan an dúnmharaithe a cháineadh.

Rinne úrlabhraí an OUP, Ken Magennis, iarracht leithscéal na ngunnadóir a ghabháil nuair a mhaigh sé gur spreag Peter Barry na gníomhartha lena ráiteisí seicteacha.

Ba iad an bheirt a maraíodh ná Colm Mc Callan (25), fear pósta as Lag an Aoil, agus Martin Duffy, fear muchta tine as Sráid Manor i dtuaisceart na cathrach D'fhreastail baill den bhriogáid dóiteáin i Luimneach agus i mBaile Atha Cliath ar a thorramh Dé Máirt.

Lamhaíodh Colm Mc Callan ar an 14ú lá mí Iúil agus fuair sé bás dhá lá ina dhiaidh.

Scaoileadh Martin Duffy a dheas do Bhóthar Aontroma agus é ag obair mar thiománaí taxi páirt-aimseartha. Bhuail trí philéar é agus fuair sé bás go luath i ndiaidh é a bheith tugtha go dtí an otharlann.

Ba iad an Protestant Action Force, ainm eile do chuid an UVF a bhí taobh thiar dena dúnmharaithe. Maraíodh ochtar duine i mbliana in ionsiathe seicteacha a rinne dílseoirí.

I Lag an Aoil ar oíche Ceadaoin scaoileadh piléir le fear óg Caitliceach agus buaileadh sa chos agus leiceann é.

# Wilson agus an Ghaeilge

IS É Sammy Wilson (Somhairle Mac Liam!) duine de na dílseoirí is tréine in aghaidh na Gaeilge — agus na náisiúntachta. Ach níl fhios cad é an dearcadh atá ag an ard-mheara nua-thofa, nó ag a 'phríomhbhean' Rhonda Paisley, ar an mhana Gaeilge atá ar an slabhra oifige a chaitheann sé.

Ba é Wilson agus a chomhaltaí sa DUP a thug ar na húdaráis sa Roinn Imshaoil chomharthaí sráide Gaeilge a bhaint anuas i gCeantar an Mhargaidh i 1985.

Mar sin féin nuair a ceapadh mar ard-mheara é níor dhiúltaigh sé an slabhra oifige a chaitheamh cé go bhfuil na focail *"Erin go brágh, Lámh Dhearg abú"* greanta air. Níl a fhios an bhfuil Gaeilge ar bith ar shlabhra Rhonda.

Sa phictiúr thuas tá an comhairleoir Sinn Féineach, Seán Mac an Ridire, ag cur an ard-mheara chun bealaigh nuair a thangtha, air ag taispéantas in Iarthar Bhéal Feirste.



## CABH…
## Ó CH…

FUAIR R… bronntanas … chuaigh d… punt chun … bainc an tse…

Bhronn a… Runai, ionad… formation S… sin ar Phádrai…

Bailíodh a… ar son Roinn… do Phádraig … tír ar son S… bliana seo.

Nár laga d…



## DEIREADH LEIS NA RANGANNA

AG coisir le deireadh a chur leis na ranganna Gaeilge i mBéal Feirste don tsamhradh tógadh an griangraf seo de chuid de na muinteoirí agus de na dáltaí.

Ag dúil le sciste an tsamhraidh bhí Seán Mac Corraidh, Eibhlín Ní Choileáin, Mairéad Ní Néill, Caitlín Mhic Charrain, Deirdre Uí hAinbheith, Máirtín Ó Muilleoir, Máire Nic Gabhann agus Stiofan Mac Cathmhaoil.


CUMANN NA MEIRLEACH

Bóthar Bhaile Andarsan

OÍCHE CHEOIL

*GACH AOINE*

Fáilte romhaibh uilig


# Moladh don cho…

I RÁITEAS an tseachtain seo dúirt uacht… Gearóid Mac Adhaimh, go raibh an-mholadh… teoirí agus cuntóirí Choláiste Antoine Mhic … coláiste Ghaeilge do dhaoine óga a reachtá… Choirce an mhí seo.

Ar seisean:

*"Tá súil agam go spreagfaidh suim mhuintir na sé chontae sa Ghaeilge pobal na Gaeltachta lenár dteanga a chaomhnú agus a chur chun cinn.*

*"Ar na saolta deireannacha seo is beag suim atá a léiriú ag ceannairí stát na sé chontae fichead inar ndúchas. Mar s… go dtuigeann b… go bhfuil meas… náisiúnach sna… Ghaeilge agus a…*


*"Tubaiste … mbeadh an G… fad is tá suim … sa Ghaeilge ag n…*

# Achainí na leabharlann

DÁ SCRIOFADH Ollscoil na Trionóide chugainn bheimis sásta Gaeilge ar bith a fheiceáil ar an litir ach cé bheadh ag dúil lena leithéid ar litir ó Shasain.

Ach bhí an Ghaeilge le feiceáil ar iarratas a tháinig chugainn ó 'ghníomhaire ollscoileanna Oxford agus Cambridge' agus é ag lorg cóipealla de *Nuacht Feirste* gach seachtain de réir dlíthe cóipcheart na Breataine.

Tosaíonn an tuasal A.T. Smail a litir le *"A chara'*, agus críochnaíonn sé *Is mise le meas.* Cad é mar thiocfaidh linn achainí bheasach mar sin a dhiúltú?


The Agent for the Libraries of the Universities of Oxford and Cambridge, the National Library of Scotland, the Library of Trinity College, Dublin and the National Library of Wales

Our Ref: /B.E-L./NP234/

From A. T. SMALL
100 [illegible] Street
London NW1 2HQ

Tel. No. [illegible]

If telephoning, please ask for:
Mr B Elms-Lester
26th June 1986

Nuacht Feirsta
147 Botha Bhaile Andarsan
Beile Feirste.

A Chara,

On behalf of the Authorities having control of the Libraries of the Universities of Oxford and Cambridge, the National Library of Scotland, the Library of Trinity College, Dublin, and the National Library of Wales, which are Legal Deposit Libraries, I request you to deliver to me, in compliance with the provisions of the Copyright Act, 1911 (1 & 2 Geo. V, Ch. 46, section 15), as set out on the back of this letter, five copies, one for each Library, of the works listed on the enclosed request ~~slip~~ sheet.

If you consider that any of these works lies outside the terms of the Act, or if you have already supplied direct to the Libraries, I shall be obliged if you will return the request slip(s), stating the reason for the exemption. I may then be able to avoid troubling you with a further application.

The Agency is open from 9.30 a.m. to 4.30 p.m. (Monday to Friday).

Is mise le meas

A. T. Small
Agent

# MÁLA P…

A chara,

Léig mé i *Nuacht Feirste* mar gheall ar an chomórtas bailéid agus ba mhaith liom a thuille eolais mar gheall air.

1. An do focail amháin atá sé, nó focail agus ceol nua-chumtha?
2. An gcaithfear é a chur chugaibh ar pháipear, ar teip nó ar caiséad.
3. An bhfuil cead ag aon duine amháin níos mó na amhrán amháin a chur isteach air?
4. Cé chomh nua agus is gá dó a bheith? An bhfuil cead amhrán a chur isteach air a bhí i gcomórtas eile cheana féin?
5. Glacaim leis gur d'amhráin as Gaeilge atá an comórtas seo?

Maithigí dom na ceisteanna go léir, ach chuirfeadh sé iontas oraibh an méid éigcinnteachta a bhíonn ag baint le cuid des na comórtaisí cumadóireacht amhrán.

Dóirín Mhic Mhurchú,
An Linn Bhuí,
An Rinn,
Dungharbán,
Contae Portláirge.

NIL na moltóirí ceaptha go fóill, mar sin de is féidir go n-athróidh siadsan na rialacha seo beagáinín, ach chítear dúinn gur dócha gur mar seo a bhe…

Comó… saoirse … Rath Cai… de mhí M…

Caith… sé sin le … adh go p… in aon co…

Is féi… chumtha … do cheol …

Ba ch… agus an … seanchun… cad é an … ag dul lei…

Tá £ … amháin … teach.

Is lei… an ceol f…

Colf… Dé hAoi…

Bon… fear agus…

Siol … Sinn Fé… Feirste …

An t…

# Fuath an Oird Bhuí

*LE DEASUN BREATNACH*

**THART faoi 200 bliain ó shin bhí roinnt mhaith Protastúnach ag cuidiú leis an gcúis. Duine de shliocht Brookborough a chuir tús le foilsitheoireacht na Gaeilge. Bhí patrúin Phrotastúnacha acu siúd a bhí ag bailiú seanchais, ceoil, filíochta agus eile, mar Mhac Adhaimh i mBéal Feirste. Protastúin, dar ndóigh, a bhunaigh an *Northern Star*, páipéar a d'fhoisligh an chéad treimhseachán Gaeilge: *Bolg an tSoláir*.**

Ach áit éigin ar an mbealach is amhlaidh a chaill muid iad; agus faoi na Caitlicigh Rómhánacha, agus faoi na daoine gan creideamh, sa chuid is mó de, ba ea a fágadh saoirse na hEireann a bhaint amach, cé go raibh mionlach Protastúnach i gcónaí inár measc, iad dílis go báis, ag saothrú páirc na Gaeilge, páirc an cheoil, páirc na gcluichí... agus páirc an áir.

Ar éigin ar féidir David Armstrong *(A road too wide*, Marshall Morgan &Scott, Basingstoke, Sasana) a áireamh i gceann ar bith de na páirceanna sin.

Ministir Preisbitéireach a bhí i David. Sa reamhrá, *inter alia*, deir sé an méid seo a leanas, a oireann go maith don mhí seo agus don mhí seo chugainn :

*"There are many evangelical Christians in Ulster and they must raise their voice for reconciliation and not clamour for victory and hangings. It would be good to hear of Presbyterian ministers in rural non-Alliance districts taking a stand against bigotry instead of marching to Loyalist drums or at least viewing organisations of division with benevolent neutrality."*

**AIGHNEAS**

Ní duine é Armstrong a thuigeann, beag ná mór, cúis na hÉireann. Murdróirí a thugann sé ar Óglaigh na hÉireann. Ní thuigeann sé, fiú, céard é is cúis leis an aighneas idir "dílseoirí" agus "náisiúntóirí." Ní thuigeann sé gur ciníochas atá ann go bunúsach agus cogadh na n-aicmí lena thaobh sin. Ceapann sé, an fear bocht, gur cuid den chogadh a lean an Reifirméisean an rud atá ar siúl thuaidh ach gur lean sé sin ar aghaidh nuair a chuir ciall deireadh leis in áiteanna eile.

Ní thuigeann Armstrong, ach oiread, cúis na Gaeilige, agus sa leabhar seo tá sé ag maíomh as gur stop sé Gaeilgeoirí ag labhairt Gaeilge nuair a d'fhoghlaim sé féin beagán di agus nuair a thug sé sin le fios. Ait go leor, is amhlaidh a cheap sé gur cód de chineál éigin a bhí sa nGaeilge agus gur baineadh feidhm aisti.

Céard é an rud uafásach a rinne Mr Armstrong leo go gcruifí ruaig air? Chroith sé lámh le sagart Caitliceach. Bheannaigh sé dó faoi Nollaig. Labhair sé i séipéal Caitliceach mar a labhrodh Críostaí den scoth, le grá ina chroí agus ina bhéal.

Minic a ligeann daoine mór le rá orthu i mBaile Átha Cliath nach bhfuil an tOrd Buí chomh dona agus a phéinteáiltear é, ach éist le seo (lch.155):

*"I found in the north-west of Ulster that the Orange Lodge was a force to be reckoned with. When, at Limavady, I tried to stand and work for reconciliation between Christians of every sort, I encountered more vehement opposition to my ministry from the Orange direction even than from the Free Presbyterian Church. To teach Christians to love one another as Jesus commanded is to undermine the political struggle to maintain the separation of the two communities, and therefore the whole weight of the Orange influence was thrown against me."*


B'éigean don bhfear seo Eire a fhágáil agus dul ag obair i bPáirc an Tiarna i Sasana mar gheall ar fhuath an Oird Bhuí. Ach ní ag an bhfuath a bheas an bua i gcónaí.


## Cumann Rodaí Mhic Chorlaí

**Oíche Folk**
Déardaoin
**Oíche Cheoil**
*(fáilte roimh Ghaeil)*
Dé hAoine
Oíche Luain
**Dara Rang Gaeilge**
Oíche Mháirt
**Bunrang**
Oíche cheoil ar son Naíscoil na Fuiseoige.
Oíche Chéadaoin
**Bunrang agus Ard-Rang**




# Crosfhocal 19



**Trasna**

1. A mhalairt de míbhinn (8)
7. Glaoch (5)
8. Tá sé sláintiúl seo a ól (8)
10. A mhalairt de trom (7)
12. Déantar obair iontu (8)
15. An... daonna, muintir an domhain (4)
16. Réamhfhocal ginideach? (3)
17. Déanann tú seo le bia (3)
19. Amharaí (4)
20. Roinn rialtais (8)
22. Críochnaithe (5)
24. Bainte le eolaíocht, firic (8)
25. Labhairt (5)
26. Rud éigin a léifeá (8)

**Síos**

1. Ceadfach, a mhalairt de ár (9)
2. Áit a bhfuil crioscaithe le uisce (7)
3. Saghas cupáin ólta (7)
4. Giorracht (4)
5. Splancacha (8)

Lúb síos (4)
An chéad mhí (6)
Mí-laoch (9)
Miotal tarraingeach (8)
Creimthe, dul ar cheal (6)
Múineadh (7)
Ar dTiarna Iosa... (6)
Focal eile ar breá, maith (4)
'é Adam an t-... fear (4)

**£5 don bhuaiteoir.**

**Seoltar freagraí chuig
An tEagarthóir,
Nuacht Feirste
146 Bóthar Bhaile Andarsan,
Béal Feirste 11.**

**Buaiteoir Crosfhocal 18
Míchéal O hAnluain,
Sraid Devonshire,
Bothar na bhFal.**

**Freagraí Crosfhocal 18:**
Trasna: 4. Caiseal; 8. Ollamh; 9. Scríobh; 10. Bothán; 11. Cibé áit; 12. Aon; 14. Bioroir; 16. Dea; 18. Miotoga; 20. Caraos; 21. Mionnan; 22. Tharla; 23. Stairse.
Síos: 1. Colbha; 2. Alltah; 3. Amharaí; 5. Aicsí; 6. Soisear; 7. Aibhinne; 11. Corda; 13. Oiliúnt; 14. Botunaí; 15. Imeacht; 16. Duairc; 17. Aiseog; 19. Glais.